Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13564/25**

**COH 186**
**SOC 647**
**ENER 494**
**ENV 949**
**SAN 600**
**CADREFIN 240**
**DELACT 144**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13123/25 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an ainmníocht le haghaidh na dtoisí agus na gcód i gcomhair na gcineálacha idirghabhála do CFRE, CSE+, don Chiste Comhtháthaithe agus do CUAC<br>*- Rún gan aon agóidí a dhéanamh* |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus le hAirteagal 113 de Rialachán (AE) 2021/1060 an 22 Meán Fómhair 2025. Féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe go dtí an 23 Samhain 2025.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an gníomh tarmligthe agus chomhaontaigh sí nach bhfuil aon fhorais ann go ndéanfadh an Chomhairle agóid ina choinne.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhódh an Chomhairle nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go bhfuil an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa le cur ar an eolas faoin méid sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 114 de Rialachán (AE) 2021/1060.